**Polasaithe agus Nósanna Imeachta/Policies and Procedures**

| | |
|---|---|
| **Cód** | QA101 |
| **Teideal** | Polasaí maidir le Saoire Bhliantúil |
| **Úinéir an Pholasaí** | An Stiúrthóir Acmhainní Daonna |
| **Dáta** | Éifeachtach ón 27/01/2015; Athbhreithniú: Meitheamh 2023; Athbhreithniú: 01/02/2026 |
| **Faofa ag** | Foireann Bainistíochta na hOllscoile |

## 1.0 Cuspóir agus Scóip

Tá Ollscoil na Gaillimhe tiomanta do chothromaíocht shláintiúil oibre is saoil ag gach fostaí a chinntiú. Tá sé mar aidhm ag an bpolasaí seo a chinntiú go bhfuil fostaithe ag glacadh sosanna rialta ón obair i bhfoirm saoire bhliantúil le pá agus go bhfuil siad ar an eolas faoina dteidlíochtaí maidir le saoire bhliantúil mar theidlíocht reachtúil.

Sonraítear sa pholasaí seo na socruithe atá i bhfeidhm maidir le teidlíochtaí ar shaoire bhliantúil, ceadú, taifeadadh agus tuairisciú.

Tá tacaíocht ag an bpolasaí seo ón Acht um Eagrú Ama Oibre, 1997 agus baineann sé le gach fostaí de chuid na hOllscoile, is cuma iad a bheith lánaimseartha, páirtaimseartha nó sealadach ach iad a bheith ag obair ar chonradh fostaíochta.

## 2.0 Cur síos

Tá an tsaoire bhliantúil ina dlúthchuid den chonradh fostaíochta atá ag gach fostaí leis an Ollscoil. Maireann bliain saoire na hOllscoile ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig. Ba chóir gach saoire bhliantúil, seachas i gcásanna eisceachtúla, a thógáil laistigh den bhliain saoire chéanna.

## 3.0 Teidlíochtaí ar Shaoire Bhliantúil

Cinnfidh an Ollscoil na tréimhsí a dheonófar saoire bhliantúil d'fhostaí agus riachtanais na hoibre á gcur san áireamh agus na nithe seo a leanas á gcur san áireamh:

(i) an gá atá leis an bhfostaí freastal ar an obair agus ar chúraimí teaghlaigh.
(ii) na deiseanna scíthe agus caitheamh aimsire atá ar fáil don fhostaí.

Tá teidlíocht saoire bhliantúil fhostaithe na hOllscoile leagtha amach i dTábla 1 thíos. Is é an líon is mó laethanta saoire atá ar fáil d'fhostaithe na hOllscoile a fostaíodh i ndiaidh an 7 Eanáir 2014 ná 30 lá.
Tugtar teidlíochtaí saoire bliantúla de réir théarmaí an Achta um Eagrú Ama Oibre 1997.

### 3.1 Saoire Bhliantúil a thabhairt ar aghaidh

Ar mhaithe le cothromaíocht shláintiúil oibre is saoil, agus chun a chinntiú go mbíonn dóthain sosanna ann i rith na bliana, moltar saoire bhliantúil a thógáil go rialta gach bliain. Seachas i gcúinsí eisceachtúla, níor cheart níos mó ná 5 lá saoire a thabhairt ar aghaidh aon bhliain.

Sa chás go dtugtar saoire ar aghaidh, ba cheart do Bhainisteoirí Líne súil ghéar a choinneáil air seo lena chinntiú go bhfuil fostaithe ag baint leas as a dteidlíochtaí saoire bliantúla agus nach bhfuil siad ag carnadh an iomarca saoire gan iad a úsáid. Tá cead ón mbainisteoir líne ag teastáil chun aon saoire a thabhairt ar aghaidh le cois na 5 lá thuas. Ní mór

an tsaoire sin a thógáil a luaithe is féidir ach tráth nach déanaí ná sé mhí ó thús na bliana saoire dár gcionn.

Tá sé de cheart ag an Ollscoil aon saoire bhliantúil nach bhfuil glactha a thabhairt don fhostaí, faoi réir fhógra míosa.

### 3.2 Teidlíocht ar Shaoire Reachtúil agus ar Shaoire Bhliantúil

Fad a bhíonn fostaí ar shaoire reachtúil, meastar go bhfuil sé/sí i bhfostaíocht. Beidh saoire bhliantúil ag dul dóibh, agus ní dhéanfar aon athrú ar an méid saoire bliantúla don tréimhse a mbeidh siad ar shaoire reachtúil. Áirítear leis na laethanta saoire reachtúla reatha:

- Saoire mháithreachais nó saoire mháithreachais gan phá
- Saoire Atharthachta
- Saoire do Thuismitheoirí
- Saoire Tuismitheora
- Saoire uchtála nó saoire uchtála gan phá
- Saoire Cúramóra (don chéad 13 seachtaine)

### 3.3 Saoire bhliantúil a thabhairt ar aghaidh tar éis Saoire Reachtúil

Agus fostaithe ag filleadh ó shaoire reachtúil fhadtéarmach, amhail saoire mháithreachais nó saoire uchtála, d'fhéadfadh go mbeadh orthu cuid mhór saoire bhliantúil a iompar ar aghaidh ó bhliain go bliain. Ba chóir an tsaoire seo a thógáil sula bhfilleann an fostaí ar an obair mar a comhaontaíodh leis an mbainisteoir líne.

### 3.4 Teidlíochtaí Saoire Neamhreachtúla

Más rud é go nglacann fostaí saoire neamhreachtúil nó saoire speisialta gan phá (mar shampla: polasaí na Scéime do Bhliain Oibre Níos Giorra), d’fhéadfadh laghdú pro rata teacht ar theidlíocht saoire bhliantúil an fhostaí. Is ar an bhfostaí atá an fhreagracht tionchar na saoire bliantúla a sheiceáil leis an Oifig Acmhainní Daonna (AD) sula ndéantar iarratas ar scéimeanna saoire den sórt sin.

### 3.5 Fostaithe Páirtaimseartha & Teidlíochtaí Saoire Bliantúla

Gheobhaidh fostaithe páirtaimseartha a dteidlíocht bhliantúil ar bhonn pro rata ag baint úsáid as an méid atá mionsonraithe i dTábla 1 de réir a gcás/a ngrád.
Déanfar saoire bhliantúil fostaithe páirtaimseartha a ríomh mar Uaireanta Saoire Bliantúla agus taispeánfar iad ar Core Time más infheidhme.
Tá Foireann Tacaíochta Teagaisc (TSS) i dteideal 8% dá n-uaireanta oibre a fháil mar shaoire bhliantúil agus tá sé sin san áireamh sa phá.

### 3.6 Athrú Gráid & Teidlíocht ar Shaoire Bhliantúil

Déanfar teidlíocht fostaithe a athraíonn grád agus a dteidlíocht saoire bliantúla i lár na bliana a choigeartú dá réir. Agus fostaí ag aistriú ó phost amháin go post eile, tá dhá rogha ann maidir le saoire bhliantúil atá fágtha agus a mbeidh ar na Bainisteoirí Líne comhaontú fúthu.

1. Úsáidtear an tsaoire bhliantúil go léir roimh dháta an aistrithe.
2. Cuirtear an tsaoire bhliantúil atá fágtha leis an bpost nua agus bíonn sé faoi fhreagracht an Bhainisteora Líne nua.

### 3.7 Saoire Bhreoiteachta & Teidlíocht ar Shaoire Bhliantúil

Má bhíonn fostaí tinn ar shaoire bhliantúil, ba chóir dóibh cloí leis an bPolasaí Saoire Breoiteachta agus a mBainisteoir Líne a chur ar an eolas láithreach agus an cháipéisíocht agus an teastas leighis a theastaíonn a chur ar fáil. Ansin, déanfar na laethanta a raibh an fostaí tinn a thaifeadadh mar laethanta saoire breoiteachta agus tabharfar an tsaoire bhliantúil do na laethanta sin ar ais.

Le linn d'fhostaí a bheith ar shaoire bhreoiteachta íoctha (lánphá nó leathphá) leanfaidh sé/sí de shaoire bhliantúil a shaothrú mar is gnách, agus ní dhéanfar aon leasú ar shaoire bhliantúil atá fágtha don tréimhse. Le linn d'fhostaí a bheith ar shaoire bhreoiteachta gan phá nó ar shaoire bhliantúil iomlán (TRR), carnfaidh sé/sí saoire bhliantúil de réir an ráta reachtúil de 20 lá in aghaidh na bliana.

### 3.8 Saoire Bhliantúil a thabhairt ar aghaidh tar éis Saoire Breoiteachta

Caithfear leas a bhaint as saoire bhliantúil a bhí ag dul duit le linn saoire bhreoiteachta laistigh de 15 mhí ó dheireadh na bliana saoire lena mbaineann sí.
D'fhéadfadh sé go mbeadh fostaithe nach bhfuil in ann a saoire bhliantúil a thógáil ag an am cuí mar gheall ar bhreoiteacht a bhfuil teastas dochtúra ag an bhfostaí ina leith agus a chuireann deireadh lena bhfostaíocht/a dtagann deireadh lena gconradh/a théann ar scor laistigh de 15 mhí ó dheireadh na bliana ina ndéantar an tsaoire bhliantúil a charnadh, i dteideal íocaíochta in ionad na saoire seo.

### 3.9 Saoire Bhliantúil a Thógáil

Déantar saoire bhliantúil a bhainistiú go háitiúil agus ba chóir í a iarraidh ar do bhainisteoir líne roimh ré. Ba chóir gach iarratas ar shaoire bhliantúil a dhéanamh trí Core Portal nó tríd an bhFoirm Saoire Bliantúla.
Forms / Foirmeacha

### 3.10 Saoire Bhliantúil a Chealú

Más gá d'fhostaí saoire bhliantúil a chealú, ba chóir é seo a dhéanamh a luaithe is féidir. Ba cheart don fhostaí labhairt leis an mBainisteoir Líne faoi seo. Más Core Portal atá in úsáid, ba chóir don fhostaí an t-iarratas a chealú chun go bhféadfar na laethanta a chur ar ais ar an taifead arís. Más rud é go bhfuil an Fhoirm Saoire Bliantúla á húsáid, ba chóir a chur ar an taifead go bhfuil an tsaoire seo curtha ar ceal chun a chinntiú go mbeidh an tsaoire bhliantúil cheart ar an taifead.

### 3.11 Laethanta Saoire Poiblí

Chomh maith leis an tsaoire bhliantúil, is saoire bhreise a bheidh sna laethanta seo a leanas:

- Lá na Bliana Nua (1 Eanáir)
- An chéad Luan i mí Feabhra, nó an 1 Feabhra má thiteann an dáta ar an Aoine
- Lá Fhéile Pádraig (17 Márta)
- Luan Cásca
- An Chéad Luan i mí Bealtaine
- An Chéad Luan i mí an Mheithimh
- An Chéad Luan i mí Lúnasa
- An Luan deiridh i nDeireadh Fómhair
- Lá Nollag (25 Nollaig)
- Lá Fhéile Stiofáin (26 Nollaig)

Tabhair cuairt ar an Stór Polasaithe & Nósanna Imeachta ar láithreán gréasáin na hOifige Feabhais chun

### 3.12 Teidlíocht Saoire Poiblí

Tá gach fostaí san Ollscoil i dteideal sochair laethanta saoire poiblí go huathoibríoch. Má thiteann an lá saoire poiblí ar lá a bhfuil an fostaí ceaptha a bheith ag obair, tá siad i dteideal lá saoire ina áit. Má thiteann an lá saoire poiblí ar lá nach bhfuil an fostaí ceaptha a bheith ag obair, ansin tá siad i dteideal an cúigiú cuid dá g(h)náthsheachtain oibre a fháil mar shaoire ina áit.

Caithfidh fostaithe páirtaimseartha/ócáideacha 40 uair an chloig ar a laghad a bheith oibrithe acu sna cúig seachtaine dar críoch an lá roimh an tsaoire phoiblí le go mbeidís i dteideal sochar lá saoire poiblí.

Ba chóir aon am saoire in ionad laethanta saoire poiblí a thógáil a luaithe is féidir de réir mar a shocraítear leis an mBainisteoir Líne.
Ní dhéanfar íocaíocht in ionad laethanta saoire poiblí ná laethanta saoire bliantúla nár glacadh ach amháin i gcás scor fostaíochta.

### 3.13 Fostaithe a bhfuil orthu oibriú ar Laethanta Saoire Poiblí

Gheobhaidh fostaithe a bhfuil orthu oibriú ar laethanta saoire poiblí pá breise nó liúntas sealaíochta agus gheobhaidh siad lá saoire in ionad an Lae Saoire Poiblí agus ba chóir é sin a thógáil a luaithe is féidir de réir mar a shocrófar leis an mBainisteoir Líne.

### 3.14 Laethanta Saoire Poiblí agus Saoire Bhreoiteachta

Má bhíonn fostaí tinn ar lá saoire poiblí, ba chóir dóibh cloí leis an bPolasaí Saoire Breoiteachta agus an Bainisteoir Líne a chur ar an eolas láithreach agus an cháipéisíocht agus an teastas leighis a theastaíonn faoin bPolasaí Saoire Breoiteachta a chur ar fáil. Ansin, déanfar na laethanta a raibh an fostaí tinn a thaifeadadh mar laethanta saoire breoiteachta agus ba chóir an Lá Saoire Poiblí a thógáil ag dáta níos déanaí i gcomhaontú leis an mbainisteoir líne.

### 3.15 Aoine an Chéasta

Dúnann an Ollscoil ar Aoine an Chéasta, agus gheobhaidh fostaithe atá ceaptha a bheith ag obair an lá sin saor mar lá lamháltais. Gheobhaidh fostaithe a bhfuil orthu oibriú ar Aoine an Chéasta an lá sin mar lá lamháltais agus ba chóir é a thógáil a luaithe is féidir de réir mar a shocrófar leis an mBainisteoir Líne.
Ní bhfaighidh fostaithe nach bhfuil sceidealaithe le bheith ag obair lá in ionad Aoine an Chéasta.

### 3.16 Dátaí Dúnta na hOllscoile

Seo iad na laethanta a mbeidh an Ollscoil dúnta ar fad idir an Nollaig agus an Bhliain Nua agus a mbeidh ar fhostaithe laethanta saoire as a gcion saoire bliantúla a ghlacadh. Is féidir na dátaí agus líon na laethanta saoire bliantúla is gá a thógáil a fháil ar láithreán gréasáin na hOifige Acmhainní Daonna: Dátaí a mbeidh an Ollscoil Dúnta faoi Nollaig

## 4.0 Fógra Saoire atá fágtha ag Fostaithe nach nÚsáideann CORE chun saoire bhliantúil a thaifeadadh

Caithfidh fostaithe, fostaithe Acadúla agus Taighde den chuid is mó, nach bhfuil ag baint úsáid as an gcóras CORE chun saoire bhliantúil a thaifeadadh, fógra a thabhairt dá mBainisteoir Líne faoi aon saoire atá fágtha acu ag deireadh na bliana saoire (seachas na laethanta saoire bliantúla a theastaíonn don tréimhse dúnta Nollag atá leagtha amach i gCuid 3.16).

I gcomhréir le polasaí na hOllscoile:

- Féadfar 5 lá saoire bliantúla ar a mhéad a thabhairt ar aghaidh go dtí an chéad bhliain saoire eile mura bhfuil cúinsí eisceachtúla i gceist (féach Cuid 3.1).
- Ní bhaineann an teorainn seo le saoire a cuireadh siar mar gheall ar shaoire reachtúil (féach Cuid 3.3) nó saoire bhreoiteachta le teastas (féach Cuid 3.7), áit a leagtar amach socruithe ar leithligh.
- I gcás nach dtugtar fógra, glacfar leis gur úsáideadh an tsaoire bhliantúil ar fad. De ghnáth, ní ghlacfar le héilimh ar shaoire nár tógadh, i gcás nár tuairiscíodh roimh ré go raibh saoire fágtha, ach amháin i gcás saoire bhreoiteachta reachtúil nó deimhnithe.

## 5.0 Ag Fágáil na hOllscoile

I gcás scoir, éirí as, deireadh le conradh nó aon údar eile críochnaithe, táthar ag súil go n-úsáidfear an tsaoire bhliantúil ar fad roimh lá deiridh fostaíochta an fhostaí.
Íocfar aon saoire bhliantúil nárbh fhéidir a thógáil roimh lá deiridh fostaíochta an fhostaí ina áit sin. Caithfidh an Bainisteoir Líne an íocaíocht seo a iarraidh trí úsáid a bhaint as an bhFoirm Iarratais ar Phá i leith Saoire Bhliantúil & Laethanta Saoire Poiblí.

I gcás ina sáraíonn líon na laethanta saoire bliantúla 10 lá, beidh ar an mbainisteoir líne míniú a thabhairt maidir leis an údar nárbh fhéidir leis an bhfostaí an tsaoire bhliantúil a ghlacadh sular fhág sé/sí an Ollscoil.

Aon laethanta saoire bliantúla agus/nó laethanta saoire poiblí a ghlac an fostaí ach nach raibh ag dul dó/di, déanfar socrú iad a oibriú ar ais ach lá deireanach an fhostaí a leasú nó a asbhaint óna p(h)á deiridh.

Tabhair cuairt ar an Stór Polasaithe & Nósanna Imeachta ar láithreán gréasáin na hOifige Feabhais chun

## 6.0 Freagrachtaí

| Ainm | Freagracht |
|---|---|
| **An Stiúrthóir Acmhainní Daonna** | Úinéir an Pholasaí |
| **An Ceann Scoile/Aonaid** | Iarratais a Fhaomhadh agus foirmeacha comhlánaithe a Sheoladh ar ais |
| **Bainisteoir Líne /Ceann Scoile / Aonaid** | An polasaí maidir le saoire bhliantúil, teidlíochtaí agus oibleagáidí bainisteoirí líne a léamh agus a thuiscint.<br>Déileáil le tuairiscí díreacha chun laethanta saoire bliantúla a phleanáil chun go gcuirfear isteach ar oibríochtaí gnó a laghad agus is féidir<br>A chinntiú go nglactar teidlíochtaí saoire bliantúla do thuairiscí díreacha i gcomhréir leis an bpolasaí maidir le saoire bhliantúil<br>Iarratais ar shaoire bhliantúil do thuairiscí díreacha a sheiceáil agus a cheadú.<br>Sonraí saoire bhliantúil a sholáthar do AD (i gcás nach bhfuil Core HR in úsáid)<br>Teagmháil a dhéanamh le HRESS@universityofgalway.ie chun socrú a dhéanamh maidir le saoire bhliantúil a shocrú ar Core HR. |
| **An Fostaí** | An polasaí maidir le saoire bhliantúil, teidlíochtaí agus oibleagáidí an fhostaí a léamh & a thuiscint.<br>Fógra réasúnta roimh ré a thabhairt agus saoire bhliantúil á hiarraidh. A bheith páirteach i bpleanáil maidir le laethanta saoire & riachtanais ghnó.<br>Saoire Bhliantúil a chur ar an taifead |
| **An Oifig Acmhainní Daonna** | Tacú le fostaithe agus bainisteoirí an polasaí maidir le saoire bhliantúil a thuiscint.<br>Tacaíocht chórais a sholáthar le haghaidh riarachán saoire ar Core Portal (nuair is féidir)<br>Cuidiú le saoire bhliantúil a chur ar an taifead ag deireadh na bliana (i gcás nach bhfuil Core Portal in úsáid) |

OLLSCOIL NA GAILLIMHE
UNIVERSITY OF GALWAY

**Tábla 1. Sceideal Líon na Laethanta Saoire Bliantúla a Cheadaítear**

| Líon na Laethanta Saoire Bliantúla a cheadaítear do Chomhaltaí Foirne Nua a Fostaíodh nó do Chomhaltaí Foirne Reatha ar Tugadh Ardú Céime dóibh i ndiaidh an 7 Eanáir 2014 | | |
|---|---|---|
| **Foireann Acadúil** | Gach Grád | 30 Lá<br>*D'fhéadfadh go mbeadh éagsúlacht i gconarthaí nó athruithe comhaontaithe. |
| **An Fhoireann Riaracháin** | Cúntóir Riaracháin, Grád 1 | 22 Lá |
| | Cúntóir Riaracháin, Grád 2 | 23 Lá |
| | Cúntóir Riaracháin, Grád 3 | 25 Lá |
| | Cúntóir Riaracháin, Grád 4 | 27 Lá |
| | Cúntóir Riaracháin, Grád 5 & os a chionn | 30 Lá |
| **An Fhoireann Theicniúil** | Oifigeach Teicniúil faoi Oiliúint | 22 Lá |
| | Oifigeach Teicniúil | 25 Lá |
| | Oifigeach Teicniúil Sinsearach | 29 Lá |
| | Príomhoifigeach Teicniúil | 30 Lá |
| **Foireann na Leabharlainne** | Cúntóir Leabharlainne | 22 Lá |
| | Cúntóir Sinsearach Leabharlainne | 23 Lá |
| | Leabharlannaí Cúnta 2 | 27 Lá |
| | Leabharlannaí Cúnta 1 | 29 Lá |
| | Leasleabharlannaí & os a chionn | 30 Lá |
| **An Fhoireann Taighde** | Cúntóir Taighde | 22 Lá<br>*D'fhéadfadh go mbeadh éagsúlacht i gconarthaí nó athruithe comhaontaithe. |
| | Taighdeoir Iardhochtúireachta | 27 Lá<br>*D'fhéadfadh go mbeadh éagsúlacht i gconarthaí nó athruithe comhaontaithe. |
| | Comhalta Taighde/ Comhalta Sinsearach Taighde | 30 Lá<br>*D'fhéadfadh go mbeadh éagsúlacht i gconarthaí nó athruithe comhaontaithe. |
| **Maoirseoir Foirgneamh** | Stiúrthóir | 27 Lá |
| **Oibrí Ginearálta** | Gach Grád | 22 Lá |
| **Ceardaithe** | Gach Grád | 24 Lá |

Ceadófar saoire de réir gnáthchoinníollacha agus gnáthchleachtais.

## 7.0. Cáipéisí Gaolmhara

**QA105 Polasaí Saoire Breoiteachta**

**QA321 Polasaí Luacha Saothair & Párolla**

Tabhair cuairt ar an Stór Polasaithe & Nósanna Imeachta ar láithreán gréasáin na hOifige Feabhais chun